



Uimhir 11 de 2012

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIORRÚ BALL
GINIÚNA BAINEANN), 2012**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
 2. Cionta arb éard iad ciorrú ball giniúna baineann, etc.
 3. Cion arb éard é aistriú ón Stát chun críche ciorraithe ball giniúna baineann.
 4. Gníomhartha, etc., a rinneadh lasmuigh den Stát.
 5. Pionós mar gheall ar chionta faoi *ailt 2, 3 agus 4*.
 6. Imeachtaí.
 7. Contúirt dhúbailte.
 8. An pobal a eisiamh ó éisteacht.
 9. Anaithnideacht an chailín nó na mná lena mbaineann.
 10. Anaithnideacht an duine chúisithe.
 11. Pionós mar gheall ar chionta faoi *ailt 9 agus 10*.
 12. Fianaise in imeachtaí mar gheall ar chionta lasmuigh den Stát.
 13. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 1993.
 14. Leasú ar an Acht um Bannaí, 1997.
 15. Leasú ar Acht na Leanaí, 2001.
 16. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
-

[Uimh. 11.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú [2012.]
Ball Giniúna Baineann), 2012.*

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Bannaí, 1997	1997, Uimh. 16
An tAcht um Airm Bhitheolaíoch, 2011	2011, Uimh. 13
Acht na Leanaí, 2001	2001, Uimh. 24
An Acht um Cheartas Coiriúil, 1993	1993, Uimh. 6
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 2010	2010, Uimh. 27
Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007	2007, Uimh. 25
An tAcht Loingis Thráchtála, 1955	1955, Uimh. 29
Acht na nAltraí, 1985	1985, Uimh. 18



Uimhir 11 de 2012

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIORRÚ BALL
GINIÚNA BAINEANN), 2012**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CION ARB ÉARD É CIORRÚ BALL GINIÚNA BAINEANN, AGUS CIONTA EILE A BHAINNEANN LE CIORRÚ BALL GINIÚNA BAINEANN, A CHRUTHÚ, CHUN CAILÍNÍ AGUS MNÁ A CHOSAINT NÍOS FEARR; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE LEASUITHE AR ACHTACHÁIN EILE; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[2 Aibreán 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “ciorrú ball giniúna baineann” aon ghníomh arb é an cuspóir atá leis nó arb é is éifeacht leis, *labia majora*, *labia minora*, forchraiceann brillín, brillín nó faighin uile cailín nó mná, nó aon chuid díobh, de nó di a eisceadh, a ionfhiobúlú nó ciorrú eile a dhéanamh ar an gcéanna;

ciallaíonn “cnáimhseach” duine a bhfuil a ainm nó a hainm cláraithe i roinn na gcnáimhseach de chlár na n-Altraí arna bhunú faoi alt 27 d’Acht na nAltraí, 1985;

tá le “lia-chleachtóir cláraithe” an bhrí chéanna atá leis in alt 2 d’Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.

2.—(1) Tá duine ciontach i gcion má dhéanann an duine gníomh nó má fhéachann sé nó sí le gníomh a dhéanamh arb éard é ciorrú ball giniúna baineann.

Cionta arb éard iad ciorrú ball giniúna baineann, etc.

(2) Níl duine ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* más rud é—

(a) gurb éard é an gníomh lena mbaineann obráid mháinliachta arna déanamh ag lia-chleachtóir cláraithe ar an gcaillín nó ar an mbean lena mbaineann, ar obráid í is gá chun a sláinte choirp nó a meabhair-shláinte a chosaint,

- (b) gurb éard é an gníomh lena mbaineann obráid mháinliachta arna déanamh ag lia-chleachtóir cláraithe nó cnáimhseach, nó duine atá ag dul faoi oiliúint chun bheith ina chnáimhseach nó ina cnáimhseach, ar an gcailín nó ar an mbean lena mbaineann le linn di a bheith in aon chéim d'íona tuismidh, nó díreach tar éis leanbh a bheith saolaithe di, chun críocha a bhaineann leis na híona tuismidh nó leis an mbreith,
- (c) gurb é an duine an cailín nó an bhean ar a ndéantar an gníomh arb éard é ciorrú ball giniúna baineann, nó
- (d) go ndéantar an gníomh lena mbaineann ar bhean nach bhfuil faoi bhun 18 mbliana d'aois agus nach ndéantar aon bhuandíobháil choirp dá thoradh.

(3) D'fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo nach cosaint é ar imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo don duine cúisithe a shuíomh gur chreid sé nó sí gur thoiligh an cailín lena mbaineann nó a tuismitheoirí nó a caomhnóir, nó an bhean lena mbaineann, de réir mar a bheidh, leis an ngníomh lena mbaineann nó gur ceanglaíodh nó gur ceadaíodh é ar chúiseanna gnácha nó deasghnácha.

Cion arb éard é aistriú ón Stát chun críche ciorraithe ball giniúna baineann.

3.—(1) Tá duine ciontach i gcion má dhéanann an duine cailín nó bean a aistriú ón Stát nó má fhéachann an duine le cailín nó bean a aistriú ón Stát i gcás gur ceann de na críocha atá leis an aistriú go ndéanfaí gníomh arb éard é ciorrú ball giniúna baineann uirthi.

(2) Níl duine ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* má dhéantar an gníomh agus más rud é—

- (a) gurb éard é obráid mháinliachta arna déanamh, ag duine atá cáilithe go cúí chun obráidí máinliachta a dhéanamh faoi dhlí na háite ina ndéantar an gníomh, nó a cuireadh faoi oiliúint ghairmiúil chun obráidí máinliachta a dhéanamh, ar an gcailín nó ar an mbean lena mbaineann, ar obráid í is gá chun a sláinte choirp nó a meabhairshláinte a chosaint,
- (b) gurb éard é obráid mháinliachta arna déanamh, ag duine a bhfuil feidhmeanna a fhreagraíonn d'fheidhmeanna cnáimhsí nó lia-chleachtóra chlárarithe á gcomhlíonadh aige nó aici, ar an gcailín nó ar an mbean lena mbaineann le linn di a bheith in aon chéim d'íona tuismidh, nó díreach tar éis leanbh a bheith saolaithe di, chun críocha a bhaineann leis na híona tuismidh nó leis an mbreith, nó
- (c) go ndéantar é ar bhean nach bhfuil faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus nach ndéantar aon bhuandíobháil choirp dá thoradh.

(3) In imeachtaí mar gheall ar chion faoi *fho-alt (1)*, toimhdeofar, mura suífear a mhalairt, gur áiríodh i measc na gcuspóirí a bhí le haistriú an cailín nó na mná lena mbaineann ón Stát ag an duine cúisithe go ndéanfaí gníomh ciorraithe ball giniúna baineann uirthi más rud é—

- (a) go ndearna an duine cúisithe an cailín nó an bhean a aistriú ón Stát in imthosca is bun leis an tátal réasúnach gur áiríodh i measc na gcuspóirí a bhí leis an aistriú sin

go ndéanfaí gníomh ciorraithe ball giniúna baineann uirthi, agus

- (b) go ndearnadh gníomh ciorraithe ball giniúna baineann uirthi tar éis í a aistriú ón Stát agus, i gcás gur fhill sí ar an Stát ina dhiaidh sin, roimh an bhfillleadh sin.

(4) D'fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo nach cosaint é ar imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo don duine cúisithe a shuíomh gur chreid sé nó sí gur thoiligh an cailín lena mbaineann nó a tuismitheoirí nó a caomhnóir, nó an bhean lena mbaineann, de réir mar a bheidh, leis an ngníomh lena mbaineann nó gur ceanglaíodh nó gur ceadafódh é ar chúiseanna gnácha nó deasghnácha.

(5) Chun críocha an ailt seo, folaíonn “cailín nó bean a aistriú ón Stát”—

- (a) aon chuid dá taisteal amach as an Stát a shocrú,
- (b) í a thionlacan le linn aon chuid den taisteal sin,
- (c) socrú a dhéanamh go mbuailfidh duine léi nuair a bheidh críoch lena taisteal amach as an Stát, nó
- (d) aon ghníomh eile a dhéanamh a d'fhéadfadh a taisteal amach as an Stát a éascú.

4.—(1) Tá duine ciontach i gcion má dhéanann an duine gníomh arb éard é ciorrú ball giniúna baineann nó má fhéachann sé nó sí leis an gcéanna a dhéanamh in áit seachas an Stát, ach sin sa chás amháin—

Gníomhartha, etc.,
a dhéantar lasmuigh
den Stát.

- (a) go ndéantar é nó go bhféachtar lena dhéanamh ar bord loinge Éireannaí de réir bhrí alt 9 den Acht Loingis Thráchtála, 1955,
- (b) go ndéantar é nó go bhféachtar lena dhéanamh ar aerárthach atá cláraithe sa Stát, nó
- (c) gur duine is saoránach d'Éirinn nó ar a bhfuil gnáthchónaí sa Stát a dhéanann é nó a fhéachann lena dhéanamh, agus gur cion a bheadh ann san áit ina ndéantar é.

(2) Níl duine ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* más rud é—

- (a) gurb éard é an gníomh lena mbaineann obráid mháinliachta arna déanamh, ag duine atá cáilithe go cuí chun obráidí máinliachta a dhéanamh faoi dhlí na háite ina ndéantar an gníomh, nó a cuireadh faoi oiliúint ghairmiúil chun obráidí máinliachta a dhéanamh, ar an gcailín nó ar an mbean lena mbaineann, ar obráid í is gá chun a sláinte choirp nó a meabhairshláinte a chosaint,
- (b) gurb éard é an gníomh lena mbaineann obráid mháinliachta arna déanamh, ag duine a bhfuil feidhmeanna a fhreagraíonn d'fheidhmeanna cnáimhsí nó lia-chleachtóra chlárartha á gcomhlíonadh aige nó aici, ar an gcailín nó ar an mbean lena mbaineann le linn di a bheith in aon chéim d'íona tuismidh, nó díreach tar éis

leanbh a bheith saolaithe di, chun críocha a bhaineann leis na hÍona tuismidh nó leis an mbreith,

- (c) gurb é an duine an cailín nó an bhean ar a ndéantar an gníomh arb éard é ciorrú ball giniúna baineann, nó
- (d) go ndéantar an gníomh lena mbaineann ar bhean nach bhfuil faoi bhun 18 mbliana d'aois agus nach ndéantar aon bhuandíobháil choirp dá thoradh.

(3) D'fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo nach cosaint é ar imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo don duine cúisithe a shuíomh gur chreid sé nó sí gur thoiligh an cailín lena mbaineann nó a tuismitheoirí nó a caomhnóir, nó an bhean lena mbaineann, de réir mar a bheidh, leis an ngníomh lena mbaineann nó gur ceanglaíodh nó gur ceadáíodh é ar chúiseanna gnácha nó deasghnácha.

(4) Chun críocha imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar dhuine sa Stát más rud é go raibh a príomháit chónaithe nó a príomháit chónaithe aige nó aici sa Stát ar feadh na tréimhse 12 mhí díreach roimh dhéanamh líomhnaithe an chiona.

(5) Féadfar imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo a thionscnamh in aon áit sa Stát agus féadfar déileáil leis an gcion chun gach críche teagmhasaí mar chion a rinneadh san áit sin.

Pionós mar gheall ar chionta faoi *ailt* 2, 3 agus 4.

5.—Aon duine atá ciontach i gcion faoi *alt* 2, 3 nó 4 dlífeair—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 14 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Imeachtaí.

6.—Ní fhéadfar imeachtaí a thionscnamh faoin Acht seo ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Contúirt dhúbailte.

7.—Aon duine a éigiontaítear nó a chiontaítear i gcion in áit lasmuigh den Stát, ní thionscnoífar imeachtaí ina choinne nó ina coinne mar gheall ar chion faoin Acht seo ba ghníomh arbh é an cion inar éigiontaíodh nó inar ciontaíodh an duine é.

An pobal a eisiámh ó éisteacht.

8.—(1) Faoi réir *fho-ailt* (2) agus (3), in aon imeachtaí mar gheall ar chion faoi *alt* 2, 3 nó 4, déanfaidh an breitheamh nó an chúirt, de réir mar a bheidh, gach duine ach amháin oifigigh don chúirt, daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis na himeachtaí, ionadaithe *bona fide* ón bPreas agus cibé daoine eile (más ann) a dtabharfaidh an breitheamh nó an chúirt, de réir mar a bheidh, dá rogha féin, cead dóibh fanacht, a eisiámh ón gcúirt le linn na héisteachta.

(2) Ní rachaidh *fo-alt* (1) chun dochair do cheart tuismitheora, gaoil nó cara de chuid an chailín nó na mná, ar ina leith a

líomhnaítear go ndearnadh an cion nó, i gcás nach duine lánaoise é an duine cúisithe, de chuid an duine chúisithe, fanacht sa chúirt.

(3) In aon imeachtaí lena mbaineann *fo-alt (1)*, déanfar an fíoras nó an bhreith agus an phianbhreith (más ann) a fhógairt go poiblí.

9.—(1) Faoi réir *fho-alt (8)(a)*, tar éis duine a chúiseamh i gcion faoin Acht seo, ní fhoilseofar i bhfoilseachán scríofa atá ar fáil don phobal, ná ní chraolfar, aon ní ar dóigh dó cuidiú le daoine den phobal cailín nó bean a aithint mar an cailín nó mar an bhean a líomhnaítear an cion a bheith déanta ina leith ach amháin mar a údarófar le hordachán arna thabhairt de bhun an ailt seo.

Anaithnideacht an chailín nó na mná lena mbaineann.

(2) Más rud é, tráth ar bith sula dtosófar ar dhuine a thriail mar gheall ar chion faoin Acht seo, go ndéanfaidh an duine cúisithe nó duine eile ar dóigh don chailín nó don bhean lena mbaineann fianaise a thabhairt ina choinne nó ina coinne sa triail iarratas chun breitheamh den Ard-Chúirt nó den Chúirt Chuarda ar ordachán de bhun an fho-ailt seo agus go ndeimhneoidh sé nó sí don bhreitheamh—

- (a) go bhfuil an t-ordachán ag teastáil chun daoine ar dóigh gá a bheith leo mar fhinnéithe sa triail a aslú chun teacht i láthair, agus
- (b) gur dóigh, mura dtabharfar an t-ordachán, go ndéanfaidh sé dochar don chaoi a seolfar cosaint an iarratasóra sa triail,

ordóidh an breitheamh nach mbeidh feidhm, de bhua an chúisimh lena líomhnaítear an cion, ag *fo-alt (1)* maidir le cibé ní a bhaineann leis an gcailín nó leis an mbean sin agus a bheidh sonraithe san ordachán.

(3) Más rud é, nuair a bheidh duine á thriail nó á triail i gcion faoin Acht seo, go ndéanfaidh an cúisí nó duine eile atá cúisithe freisin sa triail iarratas chun an bhreithimh ar ordachán de bhun an fho-ailt seo agus go ndeimhneoidh sé nó sí don bhreitheamh—

- (a) go bhfuil an t-ordachán ag teastáil chun daoine ar dóigh gá a bheith leo mar fhinnéithe sa triail a aslú chun teacht i láthair,
- (b) gur dóigh, mura dtabharfar an t-ordachán, go ndéanfaidh sé dochar don chaoi a seolfar cosaint an iarratasóra sa triail, agus
- (c) go raibh cúis mhaith nach ndearna an t-iarratasóir iarratas faoi *fho-alt (2)* roimh thosach na trialach,

ordóidh an breitheamh nach mbeidh feidhm, de bhua an chúisimh lena líomhnaítear an cion, ag *fo-alt (1)* maidir le cibé ní a bhaineann leis an gcailín nó leis an mbean lena mbaineann agus a bheidh sonraithe san ordachán.

(4) Más rud é, i dtrial mar gheall ar chion faoin Acht seo, gur deimhin leis an mbreitheamh gurb é is éifeacht *d'fho-alt (1)* sriantacht úimléideach mhírreasúnach a chur le tuairisciú imeachtaí sa triail agus gur le leas an phobail an tsriantacht a dhíchur nó a mhaolú, ordóidh sé nó sí nach mbeidh feidhm ag an bhfo-alt sin maidir le cibé ní a bhaineann leis an gcailín nó leis an mbean lena mbaineann agus a bheidh sonraithe san ordachán; ach ní thabharfar ordachán de bhun an fho-ailt seo de bhíthin thoradh na trialach amháin.

[Uimh. 11.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú [2012.] Ball Giniúna Baineann), 2012.*

(5) Má dhéanann duine a ciontaíodh i gcion agus a thug fógra achomhairc in aghaidh an chiontaithe, nó, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fógra faoi iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh amhlaidh, iarratas chun na cúirte achomhairc ar ordachán de bhun an fho-ailt seo agus go ndeimhneoidh sé nó sí don chúirt—

- (a) go bhfuil an t-ordachán ag teastáil chun fianaise a fháil mar thaca leis an achomharc, agus
- (b) gur dóigh go ndéanfar éagóir ar an iarratasóir mura dtabharfar an t-ordachán,

ordóidh an chúirt nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le cibé ní a bhaineann leis an gcailín nó leis an mbean lena mbaineann agus leis an gcion agus a bheidh sonraithe san ordachán.

(6) Má dhéantar aon ní a fhoilsiú nó a chraoladh contrártha *d'fho-alt (1)*, beidh na daoine seo a leanas, eadhon—

- (a) i gcás foilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dílseánach, aon eagarthóir agus aon fhoilsitheoir ar an nuachtán nó an tréimhseachán,
- (b) i gcás aon fhoilsiú eile, an duine a fhoilseoidh é, agus
- (c) i gcás craoladh, aon chomhlacht corpraithe a tharchuirfidh nó a sholáthróidh an clár ina ndéanfar an craoladh agus aon duine ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gclár atá ar aon dul leis na feidhmeanna atá ag eagarthóir nuachtáin,

ciontach i gcion.

(7) San alt seo—

ciallaíonn “craoladh” fuaim-íomhánna nó dearc-íomhánna a chraoltar trí raidiótheileagrafaíocht agus atá ceaptha lena nglacadh go coitianta;

foilaíonn “foilseachán scríofa” scannán, fuaimrian agus aon taifead eile i mbuanfhoirm ach ní fhoilaíonn sé díotáil ná doiciméad eile a ullmhaítear lena úsáid in imeachtaí áirithe dlí.

(8) Ní dhéanann aon ní san alt seo—

- (a) toirmeasc a chur le foilsiú nó le craoladh ní nach bhfuil ann ach tuarascáil ar imeachtaí dlí seachas imeachtaí i dtriail ina bhfuil an duine cúisithe cúisithe i gcion faoin Acht seo, nó imeachtaí a bhfuil sé ceaptha triail den sórt sin a theacht astu, nó achomharc a éiríonn as triail den sórt sin, ná
- (b) difear d’aon toirmeasc nó sriantacht a fhorchuirtear de bhua aon achtacháin eile ar fhoilsiú nó ar chraoladh.

(9) Ní dhéanfaidh ordachán de bhun an ailt seo difear d’oibriú *fho-alt (1)* tráth ar bith sula dtugtar an t-ordachán.

(10) Más rud é, tar éis tosú ar dhuine a thriail mar gheall ar chion faoin Acht seo, go n-ordófar go gcuirfead triail nua ar an duine mar gheall ar an gcion sin, ní thabharfar aird chun críocha *fho-ailt (2)*

agus (3) ar thosach aon trialach roimhe sin ar an duine sin mar gheall ar an gcion sin.

10.—(1) Tar éis duine a chúiseamh i gcion faoin Acht seo, ní fhoilseofar i bhfoilseachán scríofa atá ar fáil don phobal, ná ní chraolfar, aon ní ar dóigh dó cuidiú le daoine den phobal é nó í a aithint mar an duine a ndéantar an cúiseamh ina choinne nó ina coinne ach amháin—

Anaithnideacht an duine chúisithe.

- (a) mar a údarófar le hordachán arna thabhairt de bhun an ailt seo nó de bhua *alt 9(8)(a)* arna fheidhmiú le *fo-alt (6)* den alt seo, nó
 - (b) tar éis é nó í a bheith ciontaithe sa chion.
- (2) (a) Má dhéanann duine atá cúisithe i gcion faoin Acht seo iarratas chuige sin chun breithimh den Ard-Chúirt roimh thosach na trialach nó chun an bhreithimh sa triail, ordóidh an breitheamh, faoi réir *mhír (b)*, nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir leis an duine i ndáil leis an gcúiseamh.
- (b) Ní thabharfaidh an breitheamh an t-ordachán má dhealraíonn sé don bhreitheamh go bhféadfadh sé tarlú, dá dtabharfaí an t-ordachán, go gcuirfeadh foilsíú aon ní de bhun an ordacháin ar chumas daoine den phobal cailín nó bean a aithint mar an cailín nó mar an bhean a líomhnaítear an cion a bheith déanta ina leith, mura deimhin leis nó léi go bhféadfaí ordachán a thabhairt go cuí i ndáil leis an duine sin de bhun *alt 9*.

(3) Más rud é, tráth ar bith sula dtosófar ar dhuine a thriail mar gheall ar chion faoin Acht seo, go ndéanfaidh duine eile atá cúisithe i gcion faoin Acht seo sa triail iarratas chun breithimh den Ard-Chúirt nó den Chúirt Chuarda ar ordachán de bhun an fho-ailt seo agus go ndeimhneoidh sé nó sí don bhreitheamh—

- (a) go bhfuil an t-ordachán ag teastáil chun daoine ar dóigh gá a bheith leo mar fhinnéithe sa triail a aslú chun teacht i láthair, agus
- (b) gur dóigh, mura dtabharfar an t-ordachán, go ndéanfaidh sé dochar don chaoi a seolfar cosaint an iarratasóra sa triail,

ordóidh an breitheamh nach mbeidh feidhm, de bhua an chúisimh lena líomhnaítear an cion, ag *fo-alt (1)* maidir le cibé ní a bhaineann leis an duine céadluaithe agus a bheidh sonraithe san ordachán.

(4) Más rud é, nuair a bheidh duine á thriail nó á triail mar gheall ar chion faoin Acht seo, go ndéanfaidh duine eile atá cúisithe freisin sa triail iarratas chun an bhreithimh ar ordachán de bhun an fho-ailt seo agus go ndeimhneoidh sé nó sí don bhreitheamh—

- (a) go bhfuil an t-ordachán ag teastáil chun daoine ar dóigh gá a bheith leo mar fhinnéithe sa triail a aslú chun teacht i láthair,
- (b) gur dóigh, mura dtabharfar an t-ordachán, go ndéanfaidh sé dochar don chaoi a seolfar cosaint an iarratasóra, agus

[*Uimh. 11.*] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú [2012.] Ball Giniúna Baineann), 2012.*

- (c) go raibh cúis mhaith nach ndearna an t-iarratasóir iarratas faoi *fho-alt (3)* roimh thosach na trialach,

ordóidh an breitheamh nach mbeidh feidhm, de bhua an chúisimh lena líomhnaítear an cion, ag *fo-alt (1)* maidir le cibé ní a bhaineann leis an duine céadluaite agus a bheidh sonraithe san ordachán.

(5) Más rud é, i dtrial ina ndéantar duine a chúiseamh i gcion faoin Acht seo, gur deimhin leis an mbreitheamh gurb é is éifeacht *d'fho-alt (1)* sriantacht úimléideach mhírreasúnach a chur le tuairisciú imeachtaí sa triail agus gur le leas an phobail an tsriantacht a dhíchur nó a mhaolú i leith an duine sin, ordóidh an breitheamh nach mbeidh feidhm, de bhua an chúisimh lena líomhnaítear an cion, ag *fo-alt (1)* maidir le cibé ní a bhaineann leis an duine sin agus a bheidh sonraithe san ordachán.

(6) Beidh éifeacht le *fo-ailt (6)* go (9) *d'alt 9* chun críocha an ailt seo amhail is dá gcuirfí tagairtí don alt seo in ionad na dtagairtí don alt sin.

(7) Más rud é, tar éis tosú ar dhuine a thriail mar gheall ar chion faoin Acht seo, go n-ordófar go gcuirfear triail nua ar an duine sin sa chion sin, ní thabharfar aird chun críocha *fho-ailt (2), (3)* agus (4) ar thosach aon trialach roimhe sin ar an duine sin sa chion sin.

(8) Más rud é, tráth ar bith tar éis duine a chúiseamh i gcion faoin Acht seo, go ndéanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas chuige sin chun breithimh den Ard-Chúirt, ordóidh an breitheamh, más deimhin leis nó léi gurb é leas an phobail é sin a dhéanamh, nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le cibé ní a bhaineann leis an duine atá cúisithe sa chion agus a bheidh sonraithe san ordachán.

Pionós mar gheall ar chionta faoi *alt 9* agus *10*.

11.—(1) Aon duine atá ciontach i gcion faoi *alt 9(6)* (lena n-áirítear cion faoin alt sin arna chur chun feidhme le *halt 10(6)*), dlífeair—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil fineáil nach mó ná €10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) I gcás cion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go geruthaítear go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúltheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh, aon duine ar stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe a bhí ann nó inti nuair a rinneadh an cion, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, tá an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífeair imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(3) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe, tá feidhm ag *fo-alt (2)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

[2012.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú [Uimh. 11.] Ball Giniúna Baineann), 2012.*

12.—(1) In aon imeachtaí a bhaineann le cion faoi *alt 4* sna himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)* den alt sin—

Fianaise in imeachtaí mar gheall ar chionta lasmuigh den Stát.

- (a) maidir le deimhniú atá sínithe ag oifigeach don Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ina luaitear gur eisigh an tAire sin den Rialtas pas do dhuine ar dháta sonraithe, agus
- (b) maidir le deimhniú atá sínithe ag oifigeach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ina luaitear nár scoir an duine de bheith ina shaoránach nó ina saoránach d'Éirinn de réir mar is fearr is eol don oifigeach agus mar a chreideann sé nó sí,

beidh sé ina fhianaise go raibh an duine ina shaoránach nó ina saoránach d'Éirinn ar an dáta a líomhnaítear go ndearnadh an cion, mura suítear a mhalairt.

(2) Aon doiciméad a airbheartaíonn gur deimhniú é faoi *mhír (a)* nó *(b) d'fho-alt (1)*, measfar, mura suítear a mhalairt—

- (a) gur deimhniú den sórt sin é, agus
- (b) gur shínigh an duine é a airbheartaíonn a shínigh é.

13.—Leasaítear fo-alt (1) d'alt 5 (a cuireadh isteach le halt 4 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 2010) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993—

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 1993.

- (a) i mír (c), trí “agus” a scriosadh,
- (b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) cion faoi *alt 2, 3* nó *4* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2012*, agus”,

agus

- (c) i mír (d), trí “mír (a), (b), (c) nó (ca)” a chur in ionad “mír (a), (b) nó (c)”.

14.—Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 37 (a cuireadh isteach le halt 13 den Acht um Airm Bhitheolaíoch, 2011):

Leasú ar an Acht um Bannaí, 1997.

“Cionta a bhaineann le ciorrú ball giniúna baineann

38. Cion faoi *alt 2, 3* nó *4* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2012*.”.

15.—Leasaítear Sceideal 1 a ghabhann le hAcht na Leanaí, 2001 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 9:

Leasú ar Acht na Leanaí, 2001.

“9A. Cion faoi *alt 2, 3* nó *4* den *Acht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2012*.”.

[*Uimh. 11.*] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú [2012.]
Ball Giniúna Baineann), 2012.*

Gearrtheideal agus
tosach feidhme.

16.—(1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2012 a ghairm den Acht seo.

(2) Tíocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.